Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Márta 2022
(OR. en)

6746/22
ADD 1
LIMITE
PV CONS 10
JAI 270

PUBLIC

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

Cruinniú urghnách de CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Ceartas agus Gnóthaí Baile)

27 Feabhra 2022

PUBLIC

## CLÁR

**Leathanach**

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

2. Freagairt na hEorpa ar an staid san Úcráin – gníomhaíochtaí atá le déanamh ............................ 3

3. Aon ghnó eile........................................................................................................................ 3

***

## Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

**2. Freagairt na hEorpa ar an staid san Úcráin – gníomhaíochtaí atá le déanamh**[1]:

- Tacaíocht dhaonnúil
- Gníomhaíochtaí i réimse an ghlactha agus na dlúthpháirtíochta
- Bainistiú teorainneacha seachtracha agus dúshláin slándála
- Bearta maidir le víosaí
- Réamhaíocht ar bhagairtí hibrideacha

Chuir an Coimisiún forléargas ar fáil ar na riachtanais agus ar an gcúnamh atá ann faoi láthair maidir leis an staid san Úcráin. Chuir na Ballstáit is mó atá buailte faisnéis mhionsonraithe ar fáil maidir leis an staid ar an talamh. Chuir an uachtaránacht in iúl go ndéanfadh sí sásra IPCR a ghníomhachtú chun an staid a chomhordú. D'fhógair an Coimisiún go dtíolacfadh sé togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle chun cur i bhfeidhm Threoir 2001 um Chosaint Shealadach. Chuirfeadh an Coimisiún treoirlínte i láthair maidir le seiceálacha rianúla a dhéanamh ag teorainn sheachtrach an Aontais Eorpaigh i bhfianaise na sreafaí ollmhóra daoine atá ag teitheadh ón Úcráin.

**3. Aon ghnó eile**

Níor tarraingíodh aon saincheist anuas faoin mír seo.

---

[1] Go heisceachtúil, i láthair Stáit Comhlachaithe Schengen.



PUBLIC